Dréacht

O R D Ú

dar teideal

An tOrdú um an Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Ráta Oibleagáide Bithbhreosla) 2018

Le déanamh ag an Aire
Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

Leis seo ordaímse, _____, Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 44D (arna chur isteach le halt 3 den Acht Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2010 (Uimh. 11 de 2010)) den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Uimh. 7 de 2007) (arna oiriúnú leis an Ordú Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2016 (I.R. Uimh.421 de 2016), tar éis dom dul i gcomhairle de réir fho-alt (4) den alt sin agus dréacht den ordú seo a leanas a fhoilsiú de réir an fho-ailt sin agus aon uiríll arna ndéanamh i leith an dréachta a bhreithniú, mar seo a leanas:

1. (1) Féadfar an tOrdú um an Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Ráta Oibleagáide Bithbhreosla) 2018 a ghairm den Ordú seo.

(2) Tagann an tOrdú seo i ngníomh ar 1 Eanáir 2019.

2. 11.111 faoin gcéad a bheidh sa ráta faoin gcéad dá dtagraítear in alt 44C(3)(b) den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Uimh. 7 de 2007).

3. Cúlghairtear an tOrdú um an Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (Ráta Oibleagáide Bithbhreosla) 2016 (I.R. Uimh. 225 de 2016).

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,

____ _____ 2018.

_____

Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.